



An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2026

CM 4021/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0156(COD)

CODEC
UD
ENFOCUSTOM
ECOFIN
MI
COMER
TRANS
FISC
RESPR
PROCED

TEACHTAIREACHT

AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

Teagmháil: codecision.adoption@consilium.europa.eu

Teil/Facs: +32.2.281.2480

Ábhar: Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS
ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus
Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear
Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (**an chéad léamh**)
Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 3931/26:
- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis
ar chúiseanna na Comhairle

= DEIREADH AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 3931/26 an 1 Meán Fómhair 2026, a thabhairt i gcrích an 3 Meán Fómhair 2026 agus gur vótáil na toscaireachtaí ar fad i bhfabhar go nglacfaí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle maidir leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, mar a leagtar amach in 8190/26 agus 8190/26 ADD 1 é.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

Tá an ráiteas ón gCoimisiún le feiceáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo agus déanfar é a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le táille láimhseála an Aontais

Nuair a bhunófar táille láimhseála an Aontais i gCód Custaim an Aontais, is éard a bheidh inti acmhainn dhílis thraidisiúnta (ADT) de réir bhrí Airteagal 2(1)(a) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, [arb é atá ann cinneadh reatha maidir le hacmhainní dílse], toisc go bhfuil méid na táille le bunú ag institiúidí an Aontais i ndáil le trádáil le tríú tíortha.

Dá réir sin, faoin gCinneadh reatha maidir le hAcmhainní Dílse, coinníonn na Ballstáit 25 % de ADT ach ioncam ó bhuiséad an Aontais atá sa chuid eile.

Mar sin féin, le hAirteagal 13(9) den Togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chinnidh nua maidir le hAcmhainní Dílse¹, tugtar isteach beart idirthréimhseach lena sonraítear nach gcuirfear an táille láimhseála ar fáil do bhuiséad an Aontais go dtí deireadh an CAI seo², Dá gcomhaontófaí an fhoráil sin, chiallódh sé go mbeadh na Ballstáit ina dtairbhithe den ioncam a ghinfi leis an táille go dtí deireadh 2027.

Leagfar síos na mionsonraí maidir le comhaontú den sórt sin a chur chun feidhme sa togra le haghaidh Rialachán maidir le Cur ar Fáil.

Go dtí go gcomhaontóidh na Ballstáit an fhoráil sin agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, is léir gur ar mhaithe leis na Ballstáit a bheidh sé teacht ar chomhaontú maidir leis an gCinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse a luaithé is féidir.

¹ Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 (COM/2025/574 final).

² Airteagal 13(9): ‘Le linn na tréimhse idir an [1 Samhain 2026] agus an 31 Nollaig 2027, de mhaolú ar mhír 3 d’Airteagal 9 agus na rialacha arna nglacadh de bhun phointe (b) d’Airteagal 10 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053, na méideanna acmhainní dílse traidisiúnta a bhaineann le láimhseáil scaoileadh i saorchúrsaíocht na n-earraí a dhíoltar i gciandíolacháin, ní chuirfear na méideanna sin ar fáil agus ní bheidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le rialuithe, maoirseacht agus tuairisciú maidir leis na méideanna sin’.